

# Sláinte agus Folláine Ildánach sa Phobal

Maoiniú Údaráis Áitiúil 2024–2025

Clár Éire Ildánach
*Creative Ireland Programme*

# Maoiniú Údaráis Áitiúil 2024–2025

| | |
|---|---|
| **Fráma Ama** | Tacú le tionscadail atá á reáchtáil ó lár na bliana 2024 go deireadh na bliana 2025. |
| **Maoiniú** | €700,000 de mhaoiniú ó Éire Ildánach sa bhliain 2024 do chomhpháirtíochtaí Údaráis Áitiúil chun 10 gcinn de thionscadail ealaíon agus sláinte a sheachadadh i socrúcháin pobail agus ospidéil an HSE.<br><br>€350,000 de mhaoiniú Oileán Comhroinnte sa bhliain 2024 do chomhpháirtíochtaí ealaíon agus sláinte trasteorann faoi stiúir Údaráis Áitiúil chun 5 cinn de thionscadail a sheachadadh.<br><br>Tuilleadh leithdháiltí sa bhliain 2025, faoi réir ag leithdháiltí buiséid. |
| **Intofacht**<br><br>**Tabhair ar aird nach bhfuil an maoiniú seo teoranta do dhaoine breacaosta.** | Tá tionscadail a chuireann feabhas ar shláinte agus ar fholláine gach aoisghrúpa agus gach aoischohórt incháilithe i réimsí ar nós:<br>— Gníomhaíochtaí oideasaithe shóisialta<br>— Leanaí a bhfuil galair ainsealacha orthu<br>— Deireadh saoil agus méala<br>— Aosú Dearfach |



Sense of Self in my Community

# An Cás d'Ealaíon agus Sláinte sa Phobal

Cuireadh tús le Clár Éire Ildánach[1] chun acmhainneacht chruthaitheach an uile dhuine atá ina gcónaí in Éirinn a chumasú, chun feabhas a chur ar a bhfolláine agus ar chomhfholláine ar fud gach réimse dár sochaí. Dírímid ar spreagadh a dhéanamh air agus tacaíocht a thabhairt do bhealaí nua chun bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí cultúir agus cruthaitheachta.

1. Mar chuid den Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán (DTCAGSM), is tionscnamh uile-rialtais, cultúr-bhunaithe agus folláine atá i gceist le Clár Éire Ildánach, atá fréamhaithe sa phrionsabal go bhfuil acmhainneacht chruthaitheach ag an uile dhuine, agus go gcuireann forbairt na hacmhainne sin le folláine an uile dhuine sa tsochaí. Feidhmeoidh Éire Ildánach, tar éis a céad atriall idir 2017 agus 2022, ar feadh cúig bliana eile—2023-7—ar fud 5 piléar: Pobail, Óige, Gníomhú ar son na hAeráide, Sláinte agus Folláine agus Tionscail.





## Clár Éire Ildánach agus Sláinte agus Folláine

Is ionann Clár Éire Ildánach agus clár cultúir agus folláine uile-rialtais atá á reáchtáil go dtí an bhliain 2027. Tá tuilleadh eolais le fáil ag www.creativeireland.gov.ie

Tá cruthaitheacht a neadú ar fud beartas poiblí ar an gcuid is mó dár sainchúram, agus sin í an chúis go bhfuilimid ag obair i gcomhpháirtíocht leis an Roinn Sláinte, an HSE agus leis an gComhairle Ealaíon chun an bealach inar féidir leis an gcruthaitheacht, bíodh sé sin trí na healaíona taibhiúcháin nó na hamharc-ealaíona, cultúr agus gníomhaíochtaí bunaithe ar oidhreacht, sláinte agus folláine dearfach a chur chun cinn trí chabhrú le daoine ceangal sóisialta a bheith eatarthu, a chuireann lena bhféinmheas agus teacht aniar, a chumasaíonn biseach agus a chumhachtaíonn iad lena sláinte agus folláine féin a bhainistiú ar feadh a saoil.

Tacaíonn taighde a rinneadh go hidirnáisiúnta leis an méid seo, mar shampla, an tuarascáil is deireanaí[2] de chuid na hEagraíochta Domhanda Sláinte (WHO) , agus ar bhonn náisiúnta, tráth ar oibrigh Éire Ildánach le hOllscoil Bhaile Átha Cliath, Coláiste na Tríonóide, trí rannpháirtíocht sa tuarascáil is déanaí de chuid TILDA , a d'aimsigh fianaise shoiléir go raibh ceangal dearfach idir rannpháirtíocht chruthaitheach agus idir sláinte agus folláine ar feadh an tsaoil.



The Company of Trees

2. Cruinniú Saineolaithe WHO ar chosc agus ar rialú galair neamhthógálacha—ag foghlaim ó na healaíona, Samhain 2023

## Éire Shláintiúil

Is ionann Éire Shláintiúil agus clár uile-rialtais atá dírithe ar shláinte agus ar fholláine an uile dhuine atá ina gcónaí in Éirinn a fheabhsú. Mar a luaitear i bPlean Gníomhaíochta Straitéiseach Éire Shláintiúil:

*'De réir mar a théann Éire Shláintiúil isteach sa chéad chéim eile, oibreoimid lenár gcomhpháirtithe agus lenár gcomhghleacaithe ar fud an Rialtais chun an Plean Gníomhaíochta Straitéiseach Éire Shláintiúil a chur i bhfeidhm chun sláinte agus folláine a chur chun cinn agus chun tinneas a chosc i measc na ndaonraí go léir in Éirinn. Fanfaidh ár bhfócas ar obair i gcomhpháirtíocht le comhghleacaithe ar fud na n-earnálacha chun daoine a chumasú ó gach gné den saol chun a gcuid spriocanna sláinte agus folláine a bhaint amach.'* [3]

Dá bhrí sin, tá sé de dhualgas ar gach comhlacht poiblí a gcion féin a dhéanamh chun aidhmeanna Éire Shláintiúil a bhaint amach ar mhaithe le gach saoránach.

Mar gheall gur tionscnamh uile-rialtais, cultúr-bhunaithe folláine atá i gceist le Clár Éire Ildánach, atá fréamhaithe sa phrionsabal go bhfuil acmhainneacht chruthaitheach ag an uile dhuine, agus go gcuireann forbairt na hacmhainne sin le folláine an uile dhuine inár sochaí, ainmnítear Éire Ildánach go sonrach i bPlean Gníomhaíochta Straitéiseach Éire Shláintiúil 2021-25 mar chomhpháirtí cumasaithe.

3. Healthy Ireland Strategic Action Plan 2021–2025 p.5

## Tionscnamh maidir le hOileán Comhroinnte

Is tosaíocht uile-rialtais é an tionscnamh maidir le hOileán Comhroinnte ar mhaithe le dul i mbun rannpháirtíochta le gach pobal agus traidisiún polaitíochta le teacht ar chomhaontú maidir le todhchaí chomhroinnte ar an oileán agus Comhaontú Aoine an Chéasta mar bhonn taca leis. Faigheann an tionscnamh maidir le hOileán Comhroinnte tacaíocht ó Chiste Oileáin Chomhroinnte an rialtais, le beagnach €1 bhilliún go dtí 2030 imfhálaithe chun cuspóirí agus gealltanais infheistíochta uile-oileáin a bhaint amach i gClár an Rialtais agus sa Phlean Forbartha Náisiúnta athbhreithnithe 2021–30; agus clár rannpháirtíochta mar bhonn eolais aige le daoine ar fud an oileáin tríd an tsraith Idirphlé maidir le hOileán Comhroinnte agus clár cuimsitheach taighde beartais a chuireann anailís agus bonn fianaise níos láidre maidir le hoileán na hÉireann ar fáil ar fud réimsí eacnamaíochta, comhshaoil agus sóisialta.

Féachtar le gné an Oileáin Chomhroinnte faoin gClár Éire Ildánach úsáid a bhaint as an gcruthaitheacht ar bhonn oileán comhroinnte ar mhaithe leis na nithe seo a leanas a bhaint amach: Níos mó deiseanna a chur ar fáil do thionscnaimh chruthaitheachta chultúir agus thrasphobail agus feabhas a chur ar líonraí cruthaitheachta ar mhaithe le comhpháirtíochtaí fuinniúla agus ionchuimsitheacha idir daoine agus idir pobail.

Tá tuilleadh sonraí faoin Tionscnamh maidir le hOileán Comhroinnte le fáil ar www.gov.ie/sharedisland



The Company of Trees 2


Flowers for Wellbeing



# Cuspóirí

Tá sé mar aidhm againn le linn dúinn a bheith i mbun forbartha ár gcur chuige i leith tacaíocht a thabhairt do na hÚdaráis Áitiúla chun seachadadh a dhéanamh ar thionscadail ealaíon agus sláinte dá gcuid pobal:

1. Cur leis an méid atá foghlamtha againn ó thionscadail a bhí ag fáil maoiniú ón mbliain 2021, agus a chlúdaigh:
   - Daoine aosta [4]
   - Pobail an Lucht Siúil
   - Leanaí le galair ainsealacha [5]
   - Deireadh saoil agus méala [6]
   - Gníomhaíochtaí oideasaithe shóisialta [7]
2. Acmhainneacht Éire Ildánach a threisiú chun go mbeidh an acmhainneacht sin ag teacht le hÉire Shláintiúil ar mhaithe lena cuspóirí a chur chun cinn:
   - Fócas comhbheartaithe a thabhairt chuig folláine ar feadh an tsaoil, tinneas a chosc
   - Iarracht a dhéanamh neamhionannas sláinte a laghdú
   - Aghaidh a thabhairt ar na socrúcháin ina dtéann sláinte agus folláine i bhfeidhm orthu, agus
   - Daoine agus pobail a chumhachtú chun aire níos fearr a thabhairt dá sláinte agus dá bhfolláine féin.
3. Comhoibriú a éascú idir Éire Ildánach, Éire Shláintiúil agus Foirne Sláinte agus Folláine Áitiúla an HSE agus Sláintecare chun tionscadail ealaíon agus sláinte a chur i bhfeidhm agus freastal ar riachtanais sláinte agus folláine pobail ina gcuid ceantar.
4. Cuir leis an gcomhoibriú seo ar fud na nÚdarás Áitiúil trí thacaíocht a thabhairt do chomhpháirtíochtaí Údaráis Áitiúil atá ag teacht le Réigiúin nua an HSE.[8]
5. An fhéidearthacht a fhorbairt maidir le cur chuige an Oileáin Chomhroinnte i leith sláinte agus folláine trí thacaíocht a thabhairt do líonraí cruthaitheachta trasphobail.

4 Creativity in Older Age programme
5 Helium Arts Creative Health Hub
6 Arts and Creativity at Irish Hospice Foundation
7 All Ireland Social Prescribing Network
8 HSE Health Regions

# Cad atá á lorg againn?



**Critéar — Snáithe A**

1 Iarratas atá beartaithe agus faoi stiúir comhpháirtíochta idir Údaráis Áitiúla atá ag teacht le Réigiúin Sláinte nua an HSE le 2 Údarás Áitiúil ar a laghad i ngach comhpháirtíocht, seachas i mBaile Átha Cliath agus i gCorcaigh, áit a bhfuil na hÚdaráis Áitiúla níos mó ná mar atá siad i limistéir eile. Níor cheart go gclúdódh Moltaí idir 2 Údarás Áitiúil dhá Réigiún HSE ná níos mó.

2 Tá an tionscadal le forbairt agus le seachadadh i gcomhar le foirne Éire Ildánach agus Éire Shláintiúil i ngach Údarás Áitiúil sa chomhpháirtíocht, ag obair le hOifigigh ábhartha Sláinte agus Folláine, Oifigeach Forbartha Pobail Shláintiúla Sláintecare agus le hoifigigh, foirne nó líonraí ábhartha eile, m.sh. Aoisbhá Éireann (más cuí).

**Critéar — Snáithe B (Oileán Comhroinnte)**

3 Iarratas beartaithe agus faoi stiúir Údarás Áitiúil sa deisceart, ag obair i gcomhpháirtíocht le heagraíochtaí atá lonnaithe i dTuaisceart Éireann.

4 Tá an tionscadal le forbairt agus le seachadadh ag foirne Éire Ildánach agus Éire Shláintiúil i ngach aon Údarás Áitiúil, ag obair le hOifigigh ábhartha Sláinte agus Folláine, Oifigeach Forbartha Pobail Shláintiúla Sláintecare agus le hoifigigh, foirne nó líonraí ábhartha eile, m.sh. Aoisbhá Éireann (más cuí), i gcomhpháirtíocht le heagraíocht/eagraíochtaí comhpháirtíochta i dTuaisceart Éireann.

5 Ní mór bonn soiléir Thuaidh/Theas a bheith ag an tionscadal agus baint a bheith aige le cur i bhfeidhm chuspóirí leathana Chlár Éire Ildánach agus Thionscnamh an Oileáin Chomhroinnte. Beidh fáilte freisin roimh thionscadail a bhfuil gnéithe Thoir/Thiar (Éire/An Bhreatain Mhór) agus roimh chomhpháirtithe a bhfuil baint acu lena leithéid de thionscadail.

**Critéar — Snáithe A agus B**

**Ní mór do na tionscadail a chuirtear faoi bhráid faoi cheachtar den dá shnáithe:**

1 An bealach ina gcuireann an tionscadal le ceann amháin ar a laghad acu seo a leanas a thabhairt le fios:

- Cur le príomhchinntithigh sláinte
- An ról ríthábhachtach atá á imirt i gcur chun cinn agus i bhfeabhsú na sláinte
- Tacú le meabhairshláinte dhearfach
- Cabhrú le haosú dearfach a chur chun cinn
- Cur le galair ainsealacha a chosc
- Tacú le daoine ó thaobh bainistiú a dhéanamh ar a sláinte agus ar a bhfolláine féin agus iad ag maireachtáil le galar ainsealach
- Cuidiú le géarchúram nó le cúram deireadh saoil

2 An bealach ina ndéanann an tionscadal na cuspóirí atá leagtha amach i Straitéisí Cultúir agus Cruthaitheachta na nÚdarás Áitiúil ábhartha a aithint.

3 Cuspóirí Chreat Straitéiseach Éire Shláintiúil a dtugann an tionscadal tacaíocht dóibh a aithint.

4 Sa chás gur cuí, breac-chuntas a thabhairt ar an mbealach a gcuireann an tionscadal le hobair atá déanta cheana féin trí thionscadail Sláinte agus Folláine ar thug Éire Ildánach tacaíocht dóibh.

**Tabhair ar aird nach bhfuil an maoiniú seo teoranta do dhaoine breacaosta. Tá tionscadail a dhéileálann le gach aoisghrúpa agus aoischohórt incháilithe.**

**D'fhéadfadh tionscadail faoin dá shnáithe an méid seo a leanas a chlúdach agus níl siad teoranta do:**

- Tacú le daoine glacadh le slí mhaireachtála agus iompair atá níos sláintiúla
- Tacú le timpeallachtaí sláintiúla a chruthú
- Tacú le leanaí le galair ainsealacha
- Tacú le haosú dearfach
- Gníomhaíochtaí Oideasaithe Shóisialta
- Deireadh saoil agus méala

D'fhéadfadh difríocht a bheith idir tionscnaimh chruthaitheacha ó limistéar amháin go limistéar eile bunaithe ar go leor gnéithe ar nós próifíl aoise, coinníollacha socheacnamaíocha, an deighilt tuaithe/uirbeach srl.

# Maoiniú

| | |
|---|---|
| **Snáithe A** | Beidh €700,000 ar an iomlán de mhaoiniú ar fáil do Shnáithe A don bhliain 2024 agus táthar ag súil go dtacóidh sé seo le 10 dtionscadal. Cuirfear tuilleadh maoinithe ar fáil sa bhliain 2025, ag brath ar bhuiséad a bheith ar fáil.<br><br>**Tá maoiniú suas go dtí €70,000 an ceann ar fáil do dheich (10) iarratas rathúla.** |
| **Snáithe B (Oileán Comhroinnte)** | Beidh €350,000 ar an iomlán de mhaoiniú ar fáil do Shnáithe B don bhliain 2024 agus táthar ag súil go maoineoidh sé seo suas le 5 thionscadal. Cuirfear tuilleadh maoiniú ar fáil sa bhliain 2025, ag brath ar bhuiséad a bheith ar fáil.<br><br>**Tá maoiniú suas go dtí €70,000 an ceann ar fáil do chúig (5) iarratas rathúla**. |



# Ár gCur Chuige



**An bealach a rinneamar an cur chuige seo a fhorbairt?**

Thugamar le chéile, ag Bailiúchán Líonra an 8 Samhain 2023, Comhordaitheoirí Éire Ildánach agus Oifigigh Rannpháirtíochta Pobail Ildánacha le Comhordaitheoirí Éire Shláintiúil, Comhordaitheoirí Forbartha Pobail Shláintiúla, Sláintecare agus Oifigigh Sláinte agus Folláine Áitiúla an HSE chun naisc a chruthú agus an méid a bhí foghlamtha a roinnt.

Is iad na príomhtheachtaireachtaí a tháinig ón imeacht:

- Teastaíonn ó na rannpháirtithe go leanfaí ag cur tacaíocht ar fáil dóibh chun tionscadail sláinte agus folláine chruthaitheach a sheachadadh chun freastal ar riachtanais a gcuid pobal.
- Ba cheart go gcuirfí tacaíocht ar fáil ar feadh níos mó ná aon bhliain amháin.
- Tá rannpháirtíocht i ngníomhaíocht chruthaitheach mar uirlis ríthábhachtach chun aghaidh a thabhairt ar aonrú sóisialta agus ar mhíchothromaíochtaí sláinte i bpobail.
- Leanúint ag cur leis an gcomhoibriú maith idir Éire Ildánach agus Éire Shláintiúil in údaráis áitiúla trína gcuid foirne Cultúir agus Cruthaitheachta.

Is é seo an cur chuige comhoibríoch is mian linn a chothú anois ionas go mbeifear in ann leas a bhaint as cláir Éire Ildánach agus as cláir Éire Shláintiúil chun tionscadail inbhuanaithe ealaíon agus sláinte ar scála a fhorbairt ar fud Údaráis Áitiúla.

Ina theannta sin, bunaithe ar thaithí Éire Ildánach ar mhaoiniú a chur ar fáil do thionscadail an Oileáin Chomhroinnte, aithníodh an fhéidearthacht chun feabhas a chur ar líonraí cruthaitheachta trasteorann chun tacú le cuspóirí sláinte agus folláine.

# An Próiseas Iarratais



## An Próiseas Iarratais

1 Tugtar cuireadh do Chomhordaitheoirí Éire Ildánach i gcomhar lena bhfoirne Cultúir agus Cruthaitheachta sna hÚdaráis Áitiúla togra aonair comhtháite a chur faoi bhráid i gcomhpháirtíocht le haon Údarás Áitiúil amháin eile ar a laghad (seachas Údaráis Áitiúla i mBaile Átha Cliath agus i gCorcaigh). Baineann sé sin le Snáithe A agus Snáithe B araon.

2 Ba cheart go gclúdódh tograí an bhliain 2024 suas chomh fada leis an mbliain 2025 agus tarraingt anuas buiséid don bhliain 2024 a bheith críochnaithe faoi lár mhí na Samhna 2024.

3 **Ní mór do thograí:**

- i Fiúntas cruthaitheach, le réim shuntasach agus marthanach i measc an phobail, a léiriú—ní dhíreofar an scéim ar imeachtaí aon uaire;
- ii Soláthar a dhéanamh do thuarascáil deiridh le meastóireacht tugtha san áireamh;
- iii A léiriú go soiléir go bhfuil comhghleacaithe údaráis áitiúla Éire Ildánach ag obair i gcomhpháirtíocht le Cláir Éire Shláintiúil agus go bhfuil siad rannpháirteach san aighneacht i gcomhar le chéile;
- iv Sainmhíniú soiléir a thabhairt ar an gclár cruthaitheach rannpháirtíochta, ar an sceideal seachadta agus ar na torthaí a bhfuiltear ag súil leo;
- v Taithí agus saineolas rannpháirtithe agus bhainistíocht an chláir a lua go soiléir;
- vi Briseadh síos iomlán buiséid de na costais a thabhairt san áireamh, lena n-áirítear, an maoiniú a éilíodh don scéim seo;

**Snáithe B – Oileán Comhroinnte amháin**

- vii An bealach a bhfuil bonn soiléir Thuaidh/Theas leis an tionscadal a aithint, agus mar a bhaineann sé le cur i bhfeidhm chuspóirí Sláinte agus Folláine Chlár Éire Ildánach agus Thionscnamh an Oileáin Chomhroinnte.

## Dátaí Tábhachtacha

**19 Feabhra — An Ciste Oscailte d’Iarratais**
Tá foirm iarratais Submit.com le fáil anseo.

**26 Feabhra ag 11.30am — Seisiún Faisnéise ar Líne**
Seimineár gréasáin a thabharfaidh léargas ar an gciste mar aon le seisiún ceisteanna agus freagraí. Cláraigh anseo.

**28 Márta — Dáta Deiridh**
Ba cheart tograí a chur faoi bhráid faoin dáta seo chuig submit.com. Tá sé i gceist againn teacht ar ais le cinntí faoi na deontais faoi dheireadh mhí Bealtaine 2024.

**Samhain 2024 — Spriocdháta chun an maoiniú a tharraingt anuas don bhliain 2024.**
Beidh na tionscadail ar siúl go dtí Samhain 2025.

Má bhíonn aon cheisteanna agat faoin scéim maoinithe nó faoin bpróiseas iarratais, seol ríomhphost chuig creativeireland@tcagsm.gov.ie agus úsáid á baint as an teideal ábhair “Sláinte agus Folláine Chruthaitheach sa Phobal 2024”.

**Ní mór iarratais a chruthú ar Submit.com**

**An 28 Márta 2024 an dáta deiridh a nglacfar le hiarratais (am scoir gnó)**

**Mar aitheantas ar an obair mhór ar tugadh fúithi trí na húdaráis áitiúla i gcomhar le ceoltóirí agus socrúcháin cúraim sláinte chónaithigh le linn na paindéime, tá sé comhaontaithe ag an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán agus ag an Aire Sláinte, cómhaoiniú a dhéanamh ar ghairm ar leith do thograí rathúla do cheol beo i saoráidí cúraim chónaithigh sa bhliain 2024. Eisíodh an ghairm do na tograí seo ar an 22 Eanáir.**

## Meastóireacht ar na hIarratais


Déanfar iarratais a mheas de réir na gcritéar seo a leanas:

| Critéar | Marcanna atá ar Fáil |
|---|---|
| Caighdeán an togra i dtaobh chuspóirí an chláir a bhaint amach | 45 |
| Taithí agus saineolas na foirne | 25 |
| An luach measta ar airgead | 30 |
| **Iomlán** | **100** |

Breithneofar le linn an phróisis measúnaithe an gá atá le scaipeadh cothrom réigiúnach a dhéanamh ar na tionscnaimh ar fud na scéime.

Tionólfar seisiún faisnéis ar líne an Luan, 26 Feabhra @11:30am chun aon cheisteanna a d'fhéadfadh a bheith ann a fhreagairt. Cliceáil anseo chun clárú.

**Ba cheart aon cheist atá agat a sheoladh ar ríomhphost chuig creativeireland@tcagsm.gov.ie. Ba mhór againn dá bhféadfá "Sláinte agus Folláine Chruthaitheach sa Phobal" a chur sa teideal ábhair ionas go mbeidh sé ar ár gcumas do cheist a chur ar aghaidh.**



World Arts and Crafts Workshops Ballyhaunis — Calligraphy

**Creative Ireland Programme**
Department of Tourism, Culture,
Arts, Gaeltacht, Sport and Media
—
23 Kildare Street,
Dublin 2,
D02 TD30
—
**@CreativeIrl**
**@creativeirl**
**@creativeireland**
—
creativeireland@tcagsm.gov.ie
**creativeireland.gov.ie**

Clár Éire Ildánach
*Creative Ireland Programme*